An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# 2024 Tuarascáil Bhliantúil

Meitheamh 2025

Foilsithe ag An Coimisiún Toghcháin
Meitheamh 2025
ISBN - 978-1-911722-14-4

# An Clár Ábhar


**1** Brollach an Chathaoirligh . . . 2

**2** Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh . . . 4

**3** Comhaltaí an Choimisiúin . . . 6

**4** Eolas fúinn . . . 8

**5** Tosaíocht Straitéiseach 1: Imeachtaí Toghcháin . . . 11

**6** Tosaíocht Straitéiseach 2: Forbairt Cumais Agus Acmhainne . . . 15

**7** Tosaíocht Straitéiseach 3: Oideachas Agus Rannpháirteachas Gníomhach . . . 19

**8** Tosaíocht Straitéiseach 4: Taighde Agus Sonraí . . . 21

**9** Tosaíocht Straitéiseach 5: Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí . . . 24

**10** Rialachas Agus Comhlíonadh Rialachas corparáideach . . . 26

**11** Caiteachas Airgeadais – 2024 . . . 29

**12** Aguisín 1: Táillí, Taisteal agus Cothabháil na gComhaltaí Coimisiúin in 2024 . . . 32

1

# Brollach an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin, coimisiún neamhspleách toghcháin na hÉireann, is údar mór áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, ina dtugtar cur síos ar ár gcuid gníomhaíochtaí le haghaidh 2024, an chéad bhliain iomlán oibre don Choimisiún ó bunaíodh muid i mí Feabhra 2023.

Chomh maith leis an gcéad bhliain iomlán gníomhaíochta, ba bhliain shuntasach é 2024 mar go raibh sé ar cheann de na blianta toghcháin is gnóthaí riamh sa Stát, rud a chruthaigh deiseanna móra don Choimisiún an raon feidhmeanna a dhílsítear dó faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 a úsáid agus a fhorbairt.

Bhí dhá reifreann i mí an Mhárta, toghcháin áitiúla agus Eorpacha i mí an Mheithimh, an toghchán don chéad mhéara dírthofa riamh in Éirinn i Luimneach i mí an Mheithimh, agus olltoghchán i mí na Samhna. Dá thoradh air sin, caitheadh os cionn naoi milliún ballóid ar leith i rith na bliana. Rialaigh na teorainneacha toghcháin athbhreithnithe a mhol an Coimisiún inár nAthbhreithniú ar Thoghlaigh in 2023 toghchán an 34ú Dáil.

D'oibrigh an Coimisiún i rith na bliana chun iontaoibh pobail áitiúla agus náisiúnta a fhorbairt inár gcuid oibre ar son vótálaithe na hÉireann agus iad siúd atá i dteideal vóta a chaitheamh. Reáchtáladh imeachtaí ar fud na tíre agus rinneadh na céadta agallamh leis na meáin náisiúnta agus áitiúla chun eolas a thabhairt faoi na próisis toghcháin, agus chun daoine a spreagadh lena vóta a úsáid.

Creidimid go raibh tionchar ag na feachtais sin. Chonacthas laghdú suntasach ar líon na vótaí millte sna toghcháin Eorpacha agus áitiúla, agus d'eascair leibhéil clárúchán vótálaithe gan choinne as ár bhfeachtas i gcaitheamh na bliana chun vótálaithe a chlárú. Rinneadh 428,073 iarratas ar chlárú, agus 225,383 iarratas ar shonraí clárúcháin a bhí ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú idir mí Eanáir agus mí na Samhna.

Anuas ar fheasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn agus oibriú chun rannpháirtíocht an phobail iontu a mhéadú trínár gcláir oideachais agus eolais, thug an Coimisiún faoi thaighde agus cláir lena mbaineann.

Sainaithníodh i gclár nua taighde grúpa ar leith de thionscadail taighde tosaíochta le haghaidh 2024–2026 faoi chúig shnáithe théamacha, ar cheisteanna atá lárnach in oibriú agus sláinte ár ndaonlathais, ó úsáid póstaer i bhfeachtais, go dearadh páipéir ballóide, agus ó mhodhanna difriúla vótála go bunú an chéad Staidéir Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais in Éirinn.

Rinneadh dul chun cinn ar ár gcuid oibre ar bhail 31 clár toghthóirí na hÉireann, agus ar ár straitéis oideachais agus rannpháirtíochta. Leanadh le hobair freisin ar bhainistíocht Chlár na bPáirtithe Polaitíochta, agus cláraíodh roinnt páirtithe nua, agus rinneadh athruithe ar an gClár. Bhain ceann dár moltaí ba luaithe don Rialtas le dífheidhmeacht mhoratóir na hÉireann ar chraoladh, agus d’fháiltíomar roimh bhaint an mhoratóra roimh an olltoghchán.

Fuaireamar léargais luachmhara i gcaitheamh 2024 as malairtí le comhlachtaí bainistithe toghchán ar fud na cruinne. D’óstálamar comhghleacaithe ó Choimisiún Toghcháin na hAstráile agus Coimisiún Toghcháin na Ríochta Ba dhíol áthais don Choimisiún páirt a ghlacadh ina chéad Mhisean Breathnóireachta Toghcháin sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Tá sé riachtanach go bhforbróimis ár n-acmhainn agus ár rialachas le linn ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Tá forbairt agus foilsiú ár gcéad Ráitis Straitéise, atá le bheith i bhfeidhm sna trí bliana go 2026, thar a bheith tábhachtach chun ar bhfís, ár misean agus ár gcúig thosaíocht straitéiseacha a leagan amach.

D’earcaíomar baill foirne chun tacú leis an gCoimisiún ina chuid oibre, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí agus foireann an Choimisiúin, ar mo shon féin agus ar son an Bhoird, as an bpaisean, saineolas agus taithí den scoth a bhaineann lena gcuid oibre.

Ba bhliain chinniúnach é 2024 don Choimisiúin Toghcháin agus bliain thábhachtach dúinn – bliain inar fhorbraíomar iontaoibh agus muinín as ár gcuid oibre, agus tuiscint ar ár bhfeidhmeanna agus ról.



**An Breitheamh Onórach Marie Baker**

An Cathaoirleach,
An Coimisiún Toghcháin

# 2
# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Ar Oíche Chinn Bhliana in 2023, shuigh mé ag déanamh mo mhachnaimh ar an mbliain gan choinne a bhí amach romhainn ina mbeadh idir reifrinn agus toghcháin. Bhíothas ag súil le go leor ón gCoimisiún Toghcháin, coimisiún nua toghcháin na hÉireann.

### Toghcháin
I gcás na n-imeachtaí toghcháin sin, bhí cuspóirí simplí againn:

- ba cheart go mbeadh gach duine atá incháilithe le vóta a chaitheamh ar chlár na dtoghthóirí;
- ba cheart go dtuigfeadh daoine an chaoi le vóta a chaitheamh agus an chaoi a n-oibríonn a vóta; agus
- gach duine ar an gclár a spreagadh le vóta a chaitheamh ar lá na vótála.

### Cumarsáid
In iarracht chomhoibríoch ar fud na heagraíochta ar fad, dhearamar feachtas cumarsáide ilardán a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le comhlíonadh na gcuspóirí sin. B'údar mór áthais dúinn an fhreagairt ar na ngné "Seiceáil an Clár" den straitéis, as ar eascair 428,073 iarratas ar líne ar chlárú chomh maith le 225,383 iarratas eile chun sonraí clárúcháin a bhí ar an gclár cheana féin a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú. Tionchar iarbhír eile a bhí ag ár n-obair chumarsáide ab ea an laghdú 29% ar an líon vótaí millte i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha an Mheithimh, i ndiaidh feachtas eolais spriocdhírithe ar conas vóta a chaitheamh, rud a d'fhág gur comhaireadh níos mó vótaí bailí, agus go raibh tionchar ag níos mó daoine ar a n-ionadaíocht.

Ach teastaíonn i bhfad níos mó oibre chun na daoine nuachláraithe sin a thiontú ina vótálaithe – d'ainneoin na ndeacrachtaí le cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí, tá na figiúirí a bhaineann leis an líon toghthóirí a chaitheann vóta fós íseal ar an drochuair. Ag an gCoimisiún, táimid meáite ar chur ina luí ar dhaoine gurb é "A Vóta a nGuth" – agus mura vótálann siad, go bhfuil siad ag ligean do dhuine eile labhairt ar a son.

### Taighde agus Foghlaim
Thug na himeachtaí toghcháin sin deis iontach foghlama dúinn freisin, gné thábhachtach i ngach eagraíocht nua.

Ar thrí lá vótála ar leith, scaip comhaltaí agus foireann an Choimisiúin fud fad na tíre, ag tabhairt cuairt ar na céadta stáisiún vótála i ngach contae. Rinneadh moltaí tábhachtacha inár nAthbhreithnithe i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEERanna), a leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais, chun riarachán toghchán agus taithí na vótálaithe a fheabhsú.

Leanfar lenár mbéim ar dhaoine faoi mhíchumas – tá inrochtaineacht níos fearr na stáisiún vótála agus rochtain níos éasca ar dheiseanna vótála, bíodh an vótálaí i láthair go pearsanta nó ag úsáid vóta poist, srl., ina cheart do dhaoine inár Stát, agus is é an rud is lú ar féidir linn a dhéanamh é chun a chinntiú gur féidir leis an ngrúpa ar leith sin, a mbíonn go leor constaicí ina mbealach sa saol, páirt a ghlacadh sa ghné is bunúsaí den daonlathas.

Is é ár Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) an phríomh-mhír inár gclár taighde. Is beag atá ar eolas againn faoi vótálaithe sa tír seo agus is lú arís atá ar eolas againn fúthu siúd nach gcaitheann vóta nó nach mbacann le polaitíocht toghcháin. Léirítear inár suirbhéanna go nuige seo go ndúirt cion suntasach díobh siúd nach gcaitheann vóta *nach bhféadfaidís* vóta a chaitheamh mar go raibh siad as baile, nó go raibh dualgais oibre nó freagrachtaí cúraim orthu ar lá na vótála.  Anuas air sin, tugadh le fios inár gcuid taighde go ndúirt roinnt daoine *nach bhfuil aon tábhacht ag baint leis an bpolaitíocht*.  Ag tosú an bhliain seo chugainn, beidh sé d'aidhm ag ár dtaighde ar mhodhanna féideartha chun chomh héasca agus a bhíonn an vótáil a fheabhsú fianaise a thabhairt chun tús a chur le cur agus cúiteamh sa tír seo ar na buntáistí a bhaineann lenár gcóras vótála faoi láthair agus ar na roghanna éagsúla don athchóiriú.  Ar an gcaoi chéanna, beidh ár gcuid oibre ar Oideachas agus Rannpháirtíocht an Phobail tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna eile nach gcaitheann daoine vóta.

### Comhoibriú

Mar eagraíocht an-bheag nach bhfuil ach ina tús fós, ní fhéadfaí spriocanna móra, uaillmhianacha, scáfara a bhaint amach gan tacaíocht agus cúnamh ó phríomhghrúpaí de pháirtithe leasmhara tábhachtacha. Sibhse atá sna grúpaí sochaí sibhialta, míchumais, Lucht Siúil, aosa óig agus daoine scothaosta, agus imirceach sin ar fad – ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh as muid a ligean isteach in bhur bpobail, bhur scoileanna, bhur gcoláistí, bhur hallaí biongó, bhur n-oifigí agus bhur n-áiteanna cónaithe, agus as cabhrú linn tábhacht an vóta a chur in iúl.

Seans go bhfuil sé seo ag teacht salach ar a bhfuil i mbéal an phobail faoi láthair, ach ba mhaith liom aird a tharraingt freisin ar na hardáin meán sóisialta faoi choimirce Technology Ireland as a gcomhoibriú chun creat a chruthú ar fhaisnéis faoin bpróiseas toghcháin, fógraíocht pholaitiúil agus inneachar meabhlach Intleachta Saorga.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a dtacaíocht agus a bhfoighne agus muid ag déanamh tuilleadh machnaimh ar athchóiriú toghcháin sa tír seo. Tá mé ag tnúth le tuilleadh comhoibre amach anseo.

### An Fhoireann

Mar fhocal scoir, agus an meall mór ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann dhíograiseach agus dhírithe sa Choimisiún Toghcháin. Tá raon ollmhór agus ilghnéitheach scileanna againn anois san eagraíocht, ach tá rud amháin i bpáirt ach ar fad – tá a gcroí istigh ag gach aon duine acu sa daonlathas agus i dtoghcháin, agus ní fhéadfaimis an méid a bhaineamar amach i mbliana a dhéanamh dá n-uireasa.

Chinntigh ceannaireacht spreagúil ar leith na Foirne Ardbhainistíochta go háirithe gur comhlíonadh cuspóirí thar a bheith uaillmhianach i gcaitheamh na bliana. Táimid ag breathnú chun cinn le dóchas go Toghcháin an tSeanaid agus an Uachtaráin in 2025.

Agus mé i mo shuí ag déanamh mo mhachnaimh ar Oíche Chinn Bhliana in 2024, rinne mé sláinte gach duine agaibh a ól...

Míle buíochas,



**Art Ó Laoghaire**
Príomhfheidhmeannach
An Coimisiún Toghcháin

3

# Comhaltaí an Choimisiúin



## Beathaisnéisí Chomhaltaí an Choimisiúin

**An Breitheamh Onórach Marie Baker– Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin**
Bhí an Breitheamh Onórach Marie Baker ina breitheamh sa Chúirt Uachtarach go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Aibreáin 2024. D'ainmnigh an Príomh-Bhreitheamh í mar Chathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin i mí Feabhra 2023. Glaodh chun an Bharra í in 1984 agus chun Barra na Sinsear in 2004.

Chleacht an Breitheamh Uasal Baker i gcuarda Chorcaí agus na Mumhan agus is idirghabhálaí creidiúnaithe í. D'fhóin sí mar Choimisinéir páirtaimseartha den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus bhí sí ina comhalta den ghrúpa comhairleach staidéir ar chomhaontuithe réamhphósta. In 2014, ceapadh an Breitheamh Baker ina Breitheamh san Ard-Chúirt go dtí 2019, tráth ar ceapadh í sa Chúirt Uachtarach agus bhí sí ina Breitheamh sa Chúirt Achomhairc ó mhí an Mheithimh 2018.

**Alex Attwood**
Bhí Alex Attwood ina ionadaí tofa do thoghlach Iarthar Bhéal Feirste ó 1985–2017 (ar an gComhairle Cathrach ar dtús, agus ansin i dTionól Thuaisceart Éireann) agus bhí sé in Aire Rialtais ó mhí na Bealtaine 2010 go mí Iúil 2013. Bhí sé páirteach in go leor idirbheartaíochta i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998, ó cheisteanna póilíneachta, ceartais choiriúil, chearta an duine agus oidhreachta go cláir rialtais agus athchóiriú na n-institiúidí stáit. Ó 2017–2019 d'oibrigh sé mar shaineolaí rialachais agus slándála in áiteanna ina raibh coimhlint nó a bhí ag teacht as coimhlint, ina measc an Úcráin agus an Iaráic (Ninivé, Basra agus Anbar), le ceannairí polaitiúla agus cathartha i gceantair a saoradh ó Da'esh go háirithe.

Is comhalta é de Bhord Comhairleach safefood, comhlacht uile-Éireann a thugann aghaidh ar rioscaí bia, tearcrochtain bhia agus murtall, agus de Choimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe (2019-2023) atá freagrach atá freagrach as toghcháin agus rialáil páirtithe polaitíochta, tabhartais ina measc. Déanann sé taighde póilíneachta thar ceann comhalta de Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

**John Curran**
I ndiaidh dó céim tráchtála a bhaint amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), bhunaigh agus rith John gnólacht closamhairc i mBaile Átha Cliath ar éirigh go maith leis. Tá John ina Ionadaí Poiblí tofa le cuid mhór den fhiche bliain seo caite. Toghadh ar Chomhairle Contae Áth Cliath Theas é ar dtús in 1999 agus ansin go Dáil Éireann in 2002.

D'fhóin John ar choistí Oireachtais éagsúla, ina measc Cuntais Phoiblí, Oideachas agus bhí sé ina chathaoirleach ar an gCoiste um Choimirce Shóisialach agus an Coiste um Thithíocht agus Easpa Dídine. D'fhóin John freisin mar Aire Stáit ar a raibh freagracht maidir leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Gnóthaí Pobail agus d'fhóin sé freisin mar Phríomh-Aoire an Rialtais. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Archways agus ina Leas-Chathaoirleach ar Pháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas.

**Ger Deering**
Cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Ger Deering mar an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise le haghaidh na hÉireann i mí Eanáir 2022. Ceapadh é mar an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta i mí Eanáir 2023. Is é an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil é freisin, agus is comhalta é den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Bhunaigh agus stiúir Ger comhlachtaí poiblí éagsúla agus tá taithí shuntasach aige ar chearta tomhaltóirí agus fostaíochta. Roimhe seo bhí poist aige mar an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, Stiúrthóir an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA), Stiúrthóir an Chláir Athchóirithe ar Chaidreamh san Áit Oibre agus an Rialtóir Tacsaithe. Tá taithí fhairsing aige freisin ar oibriú ar fud an rialtais áitiúil, forbairt pobail, na státseirbhíse agus na hearnála príobháidí.

**Caroline Fennell**
Is Ollamh Emerita le Dlí í Caroline Fennell i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Iar-Choimisinéir í ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), agus d'fhóin sí ina Cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI) (2020–2022) agus bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Frithchiníochais Neamhspleách (2020–2022), a chuir an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (2023–2027) i gcrích.

Iar-Chathaoirleach í ar an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta in Éirinn (IRCHSS), agus comhalta den Chomhairle um Thaighde in Éirinn, agus comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Is Cathaoirleach í ar Ghrúpa Comhairleach Taighde an Choimisiúin Toghcháin.

Bhí go leor róil ardbhainistíochta ag an Ollamh Fennell san Ollscoil, ina measc Déan, Ceann Coláiste agus Leas-Uachtarán Sinsearach Acadúil/Uachtarán Tánaisteach. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí an Ionaid um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine i gColáiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), agus díríonn a cuid taighde ar thuiscintí ar chothroime sa cheartas coiriúil. D'fhoilsigh sí go leor ábhar ar réimsí dhlí na fianaise, inscne, ceartais choiriúil agus sceimhlitheoireachta. Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Cuan (an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe) in 2024.

**Peter Finnegan**
Is é Peter Finnegan Cléireach na Dála agus Ard-Rúnaí Sheirbhís Thithe an Oireachtais. Is comhalta é freisin de Choimisiún Thithe an Oireachtais agus den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**Maura Quinn**
Stiúrthóir Cairte ag a bhfuil creidiúnú Institiúid na Stiúrthóirí sa Ríocht Aontaithe, agus taithí fhairsing os cionn 25 bliain mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus ar bhoird i raon earnálacha. Tá taithí aici mar Chomhalta Boird agus Comhalta Coiste Boird, agus tá taithí shuntasach rialála aici. Aithnítear í as a ról ceannaireachta i ngnóthaí rialachais chorparáidigh agus rialála. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn í (Meitheamh 2022).

# 4

# Eolas fúinn



## Ár gcuspóir

Is é ár gcuspóir an daonlathas in Éirinn a chosaint agus a neartú trí thuiscint, rannpháirtíocht agus iontaoibh an phobail sa chóras toghcháin a fhorbairt.

## Ár n-uaillmhian

Tá Éire ina ceannaire domhanda i sláine, rannpháirteachas agus iontaoibh toghcháin, agus tá na leibhéil rannpháirteachais in imeachtaí toghcháin is airde ag muintir na hÉireann, agus aithníonn siad iad mar imeachtaí córa, saora agus neamhchlaonta agus tá meas acu orthu dá réir.

## Ár bhfís

Tá iontaoibh as próiseas toghcháin na hÉireann agus meas air mar phróiseas atá cothrom, saor agus neamhchlaonta. Tá muintir na tíre ar an eolas, rannpháirteach agus cumasaithe, as a n-eascraíonn an líon vótálaithe is airde in imeachtaí toghcháin. Trí thuiscint agus rannpháirteachas gníomhach sa daonlathas a fheabhsú, cuireann an Coimisiún Toghcháin in aghaidh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an bpróiseas toghcháin agus daonlathach. Trína chláir nuálacha, chothaigh an Coimisiún Toghcháin maoirseacht dhaonlathach in Éirinn, chun leas an phobail.

## Ár gCuid Luachanna

| Neamhspleáchas | Sármhaitheas | Nuálaíocht | Comhoibriú |
|---|---|---|---|

## Tosaíochta straitéiseacha

| Tosaíocht Straitéiseach | Uaillmhian |
|---|---|
| **1 Imeachtaí toghcháin** | Maoirseacht chríochnúil agus thrédhearcach ar na toghcháin agus reifrinn ar fad atá le rith, ag cinntiú na leibhéal is airde sláine, trédhearcachta agus cothroime chun iontaoibh sa phróiseas toghcháin a chothú agus a fheabhsú. |
| **2 Forbairt cumais agus acmhainne** | Na daoine cearta san áit cheart ag an am ceart, a bhfuil meas orthu, a dtacaítear leo agus a fhorbraítear in ionad oibre ionchuimsitheach a bhfuil an bonneagar cumasaithe riachtanach mar thaca aige. |
| **3 Oideachas agus rannpháirteachas gníomhach** | Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar chách agus feasacht a mhéadú ina measc; chun bonn eolais a chur faoi imeachtaí toghcháin agus a bheith rannpháirteach iontu, agus tionchair intomhaiste le brath. |
| **4 Taighde agus sonraí** | Taighde ardchaighdeáin a fhorbairt a mbíonn tionchar aige ar chúrsaí, a spreagann díospóireacht eolach agus as a n-eascraíonn/a chuireann bonn eolais faoi mholtaí claochlaitheacha chun ar gcóras daonlathach a fheabhsú. |
| **5 Maoirseacht ar chlár na dtoghthóirí** | Sásra tuairiscithe láidir i bhfeidhm a thugann tuiscint shoiléir do Thithe an Oireachtais agus don phobal ar fheidhmiú an Chláir, muinín as a chruinneas agus a iomláine fheabhsaithe. |

## Feidhmeanna

Tá an Coimisiún Toghcháin lárnach do chóras toghcháin na hÉireann, agus tugann sé faoi raon feidhmeanna toghcháin, idir chinn atá ann cheana féin agus chinn nua, ina measc:

- maoirseacht a dhéanamh ar Chlár nuachóirithe na dToghthóirí, moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a leagan maidir le cothabháil agus nuashonrú;
- feasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn, agus oibriú chun rannpháirtíocht an phobail iontu a mhéadú, trí chláir oideachais agus eolais;
- freagracht as páirtithe polaitíochta a chlárú;
- cláir taighde a ullmhú agus taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus comhairle a thabhairt, de réir mar is gá, don Aire agus don Rialtas;
- tuarascálacha ex post a ullmhú ar riar imeachtaí toghcháin;
- na seirbhísí cinnteoireachta, maoirseachta, rúnaíochta agus tacaíochta a bhaineann le hábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, cur chun cinn fheasacht an phobail ar reifrinn agus spreagadh na dtoghthóirí chun vóta a chaitheamh ar reifrinn; agus
- tabhairt faoi athbhreithnithe agus tuarascálacha a chur i dtoll a chéile faoi thoghcheantair le haghaidh comhaltaí a thoghadh don Dáil agus comhaltaí a thoghadh do Pharlaimint na hEorpa.
- tuarascálacha a chur i dtoll a chéile don Aire maidir le teorainneacha toghcháin áitiúil;
- na feidhmeanna rialála a bhaineann le Codanna IV agus V den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*, a luaithe a bheidh siad tosaithe.

Meastar go leathnófar an tsraith feidhmeanna a leagadh ar an gCoimisiún ar dtús de réir mar a fhorbraíonn sé a chuid acmhainní agus saineolais.



5

## Tosaíocht Straitéiseach 1

# Imeachtaí Toghcháin

### Na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram

Rith an Coimisiún Toghcháin feachtas cuimsitheach eolais le haghaidh na reifreann ar an Teaghlach agus Cúram i mí an Mhárta 2024. Mar chuid den fheachtas sin rinneadh Leabhrán Eolais an Reifrinn a fhoilsiú agus a dháileadh, agus eagraíodh feachtas fógraíochta náisiúnta, suíomh gréasáin tiomnaithe, raon rannpháirtíochta ar na meáin shóisialta, ar líne, sa phreas agus sna meáin chraolta, craoltaí saorchraolta agus teagmháil dhíreach ar líne agus ar an nguthán leis an bpobal.
Roinneadh an feachtas ina thrí chéim ar leith:

- Daoine a spreagadh le clárú le vótáil
- Daoine a chur ar an eolas faoin vóta
- Daoine a spreagadh le vótáil

Don fheachtas seo, a seoladh ar an 25 Eanáir, d'fhoilsigh an Coimisiún Leabhrán Eolais an Reifrinn den chéad uair ó ghlac sé le feidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn. Tugadh eolas neamhspleách, beacht agus cruinn ar na tograí le haghaidh an dá reifreann ar an Teaghlach agus Cúram. Tugadh breac-chuntas ar éifeacht dhlíthiúil vóta Tá agus vóta Níl sa dá chás. Dáileadh thart ar 2.3 milliún leabhrán i rith an fheachtais. Cuireadh na leabhráin sin ar fáil i roinnt formáidí inrochtana freisin, ina measc leaganacha Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Braille, Éasca le Léamh, closábhair agus téacs mhóir.

Dhírigh ár bhfeachtas náisiúnta fógraíochta do na feachtais reifreann, agus i gcaitheamh 2024, ar an gcroí-choincheap de 'Is é do vóta do ghuth'. Bhí sraith de ghnáthimeachtaí laethúla sna fógraí, ina measc siopa sceallóg, gníomhaireacht taistil, salón gruaige, siopa tatúnna, ionad garraíodóireachta agus ospidéal. Sna himeachtaí sin, fágadh daoine gan ghuth nuair a chinn daoine eile a roghanna dóibh.

Roimh lá na vótála ar an 8 Márta, thug an Coimisiún faoin gclár rannpháirtíochta is cuimsithí leis an bpreas agus na meáin a bhí ag aon fheachtas eolais riamh le haghaidh reifrinn go dtí sin, agus ghlac páirt i 58 imeacht meán craolta, prionta agus ar líne.

Chun tacú lenár bhfeachtas eolais, thug an Coimisiún faoi chlár de 12 imeacht ag a rabhthas i láthair go pearsanta agus a reáchtáladh ar fud deich gcontae. Bhí imeachtaí ar siúl leis an bpobal Ealaíon, an Lucht Siúil, eagraíochtaí míchumais, agus grúpaí spóirt, gnó, feirmeoireachta agus iascaireachta, ollscoile, leabharlainne agus oideachais aosaigh.

### Na toghcháin áitiúla agus eorpacha

Thug an Coimisiún faoi fheachtas sé seachtaine ar fud na teilifíse, raidió, prionta, lasmuigh, taispeántas digiteach agus cainéil meán sóisialta chun an pobal a chur ar an eolas agus a spéis a spreagadh sna toghcháin áitiúla, Eorpacha agus do mhéara Luimnigh, i dteannta clár d'imeachtaí rannpháirtíochta poiblí agus meán ar fud na tíre.

Roimh lá na vótála ar an 7 Meitheamh, d'oibríomar chun cabhrú leis an bpobal fáil faoi réir chun a vóta a chaitheamh agus d'fhoilsigh ár suíomh gréasáin agus cainéil meán sóisialta raon d'ábhar úsáideach agus nuashonraithe chun cabhrú leis an bpobal fáil faoi réir chun a vóta a chaitheamh.

Ghlac an Coimisiún páirt i 64 imeacht díreach leis na meáin agus roinnt agallamh i nGaeilge, anuas ar thuairisciú ginearálta na meán ar ár ngníomhaíochtaí.

Anuas air sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhar le 16 eagraíocht chun 25 ceardlann vótálaithe a sholáthar i raon teangacha.




Forbraíodh agus seoladh dearadh nua agus leagan amach éasca le húsáid do www.electoralcommission.ie roimh thoghcháin an 7 Meitheamh. Dearadh an suíomh gréasáin nua leis an inrochtaineacht ar thús cadhnaíochta chun taithí inrochtana a chruthú don uile úsáideoir. I rith thréimhse an fheachtais (6 Bealtaine – 7 Meitheamh), thug 183,000 úsáideoir cuairt ar ár suíomh gréasáin, a raibh 177,000 cuairteoir nua ar an suíomh ina measc. Roinneamar freisin sceideal de phoist fhaisnéiseacha ar raon cainéil meán sóisialta (X, Instagram, Facebook, Threads, Snapchat, TikTok agus LinkedIn).

## An chéad mhéara dírthofa in Éirinn

I dtoghcháin mhí an Mheithimh, bhí vóta don chéad mhéara dírthofa in Éirinn i gCathair agus Contae Luimnigh.

Gné lárnach a thacaigh le feachtas eolais an Choimisiúin do thoghcháin an 7 Meitheamh ab ea comhordú 16 imeacht ag a rabhthas i láthair go pearsanta i gceithre chontae, le béim faoi leith ar thoghchán mhéara Luimnigh a mhíniú. Áiríodh air sin trí lá de chuairteanna fisiciúla ar Chathair agus Contae Luimnigh, a chuimsigh leabharlanna, tionscadal Lucht Siúil, rannpháirtíocht le vótálaithe céaduaire i meánscoil, Cumann Tráchtála Luimnigh, ionaid pobail, Ollscoil Luimnigh agus seisiún ceisteanna agus freagraí le grúpa le haghaidh tuismitheoirí i mbunscoil.

I dteannta comhráite le lucht siopadóireachta ar phríomhshráid siopadóireachta Luimnigh agus fógraíocht dhírithe ar chláir fógraí, na meáin shóisialta agus nuachtáin áitiúla, bhí Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin ag plé go díreach le meáin lonnaithe i Luimneach, lena n-áirítear dul ar an stáisiún raidió Live 95 cúpla uair chun ceisteanna ón bpobal faoin toghchán a fhreagairt.

## An tOlltoghchán

Chun an pobal a dhéanamh rannpháirteach san olltoghchán a bhí ar na bacáin agus iad a chur ar an eolas faoin toghchán, agus faoin tábhacht a bhaineann le clárú le vótáil, rith an Coimisiún feachtas náisiúnta ar líne, ar fud na meán agus trí imeachtaí ag a rabhthas a láthair go pearsanta roimh lá na vótála.
Cuireadh ár bhfócais chumarsáide i bhfeidhm i dtrí chéim:

1. daoine a fháil cláraithe le vóta a chaitheamh
2. daoine a chur ar an eolas faoin olltoghchán agus
3. daoine a fháil faoi réir agus a chur ar an eolas chun vóta a chaitheamh.

B'údar misnigh dúinn a fheiceáil gur chuir ár bhfeachtas le 115,130 iarratas nua ar líne chun clárú le vóta a chaitheamh i mí na Samhna amháin, agus 50,541 nuashonrú ar líne ar an gclár i mí na Samhna.

I rith na tréimhse feachtais cúig seachtaine, thug an Coimisiún faoi 81 agallamh ar na meáin le hiriseoirí craolta, prionta agus ar líne.
Mar chuid dár bhfeachtas cúig seachtaine, chuireamar feachtas náisiúnta fógraíochta ar

bun ar fud na teilifíse, raidió, prionta, lasmuigh, taispeántas digiteach agus cainéil meán sóisialta, i dteannta ár gcláir d'imeachtaí rannphháirtíochta poiblí agus meán ar fud na tíre. Cuireadh eolas inrochtana ar fáil i bhfoirm formáidí físeáin inrochtana, úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus leabhráin i bhformáid Éasca le Léamh inar díríodh ar conas clárú agus conas vóta a chaitheamh.

Nuálaíocht faoi leith den fheachtas seo chun tacú le hoideachas na vótálaithe ab ea an chéad fhógra ar leith riamh in Éirinn don teilifís agus ar líne inar taispeánadh do dhaoine an chaoi lena bpáipéar ballóide a chomhlánú i gceart. Léirigh anailís agus tuairisciú ar ár bhfeachtas fógraíochta trí chéile gur aimsigh an fógra teilifíse "conas vóta a chaitheamh" sin lucht féachana measta de 1.1 milliún duine fásta i measc daoine 18–45 bliain d'aois amháin.

Mar nuálaíocht eile i rith an fheachtais seo, chuamar i gcomhpháirt leis an stáisiún raidió Spin FM chun feachtais cláraithe vótálaithe a eagrú sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Chuamar i gcomhpháirt le Coláiste na hOllscoile Corcaigh freisin chun imeacht agus feachtas cláraithe vótálaithe a eagrú ansin. Tharraing na himeachtaí sin airde ar mhian i measc daoine níos óige iad féin a chur ar an gclár.

Bhí ról ollmhór ag imeachtaí ag a rabhthas i láthair go pearsanta agus canbhasálacha chun an pobal a chur ar an eolas faoin toghchán a bhí ar na bacáin agus faoin tábhacht a bhaineann le clárú le vótáil. Thug baill foirne faoi raon rannphháirtíochtaí náisiúnta, ina measc canbhasáil sráide in Ionad Siopadóireachta Cearnóige i dTamhlacht, Baile Bhlainséir, Cathair Chorcaí, Cathair na Gaillimhe agus i lár Bhaile Átha Luain. Bhuaileamar freisin le grúpaí Lucht Siúil, vótálaithe céaduaire, daoine faoi mhíchumas, cumainn mac léinn agus meánscoileanna sa tréimhse roimh lá na vótála.

Nuálaíocht eile ab ea léiriú an fhíseáin "Journey of a Ballot Box" ar na meáin shóisialta inar taispeánadh an t-aistear a thóg bosca ballóide amháin i rith an toghcháin, óna phacáil, a sheoladh, a úsáid ar lá an toghcháin, agus ansin a thuras chuig an ionad comhairimh.

Feachtas meáin shóisialta toghcháin:

- **1.45m** taispeáint ar Instagram,
- **113,000** taispeáint ar TikTok,
- **1.1m** cuntas Facebook bainte amach.
- **330,768** radharc ar ár suíomh gréasáin dátheangach comhdhéanta de:
- **211,201** úsáideoir,
- **87,485** taispeáint ar an suíomh gréasáin ar lá na vótála.

D'óstáil an suíomh gréasáin nuálaíocht eile do thoghcháin na hÉireann, le forbairt agus seoladh 'Cén Dáilcheantar ina gcónaím?' (pictiúr thíos). Chuir an uirlis nua sin ar chumas daoine a nÉirchód nó a seoladh a chur isteach chun eolas a fháil láithreach ar a ndáilcheantair. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis an uirlis sin i ndiaidh athbhreithniú 2023 ar thoghcheantair a d'fhág gur bogadh leathmhilliún vótálaí go dáilcheantar eile. Breathnaíodh ar an uirlis ghréasáin sin 138,991 uair i rith an fheachtais.




We timed how long it takes to get on the register: Just three minutes
By ART O'LEARY
CEO OF ELECTORAL COMMISSION
newstalk
the week in POLITICS
Register to Vote!
Scan Here
www.checktheregister.ie
For more information visit www.electoralcommission.ie
YOUR VOTE IS YOUR VOICE
@ElecCommIRL
Your vote is your voice
MARCH 8
BE A VOTER
Be heard on Referendum Day
An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission
Your vote is your voice
REGISTER NOW
You wouldn't let someone else decide your takeaway order.
But if you don't speak up, you don't have a say.
Don't miss your chance to be a voter. Register now.
Last chance to register is 12 November.
GO TO CHECKTHEREGISTER.IE TODAY
An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission
Ireland's independent electoral commission


6

## Tosaíocht Straitéiseach 2

# Forbairt Cumais Agus Acmhainne

### Struchtúr Eagraíochtúil

Tá cathaoirleach ag an gCoimisiún Toghcháin, chomh maith le ceathrar gnáthchomhaltaí agus beirt chomhaltaí ex-officio, Cléireach na Dála agus an tOmbudsman. Foráiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do Phríomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil an Choimisiúin mar eagraíocht, agus comhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil fheidhmeanna toghcháin an Choimisiúin. Tugtar breac-chuntas ar struchtúr na heagraíochta anseo thíos:




**Sláine Toghcháin agus Taighde**

Tá an t-aonad seo freagrach as seo a leanas:

- Athbhreithnithe i ndiaidh imeacht toghcháin ar riar imeachtaí toghcháin
- Feidhm taighde an Choimisiúin, ina measc feidhmiú Cláir Taighde agus aon bhonneagar taighde lena mbaineann a fhorbairt agus a stiúradh
- Gníomhartha neamhrialála chun rioscaí do shláine toghcháin a mhaolú, bagairtí ar líne ina measc

**Oibríochtaí Toghcháin agus Oideachas**

Tá an t-aonad seo freagrach as seo a leanas:

- Feidhmeanna reifrinn an Choimisiúin
- Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí
- Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta
- Feidhmeanna athbhreithnithe ar theorainneacha toghcheantar Dála, Eorpach agus Áitiúil
- Feidhmeanna rannpháirtíochta agus Oideachais Vótálaithe




### Seirbhísí Corparáideacha

Tá an t-aonad seo freagrach as seo a leanas:

- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Saoráidí
- Airgeadas, Soláthar agus Rialachas
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Cumarsáid
- Rúnaíocht an Choimisiúin agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

### An tAonad Maoirsithe agus Forfheidhmithe

Bunaíodh an t-aonad seo in 2024 agus beidh sé freagrach as feidhmeanna rialála an Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022 ar a dtosach feidhme.

### An tAonad Dlí

Bunaíodh an t-aonad seo in 2025 agus tá sé freagrach as comhairle dlí a sholáthar ar an Dlí Toghcháin, Dlí Bunreachtúil agus reachtaíocht ghaolmhar eile. Tacaíonn an t-aonad seo leis na foirne ar fad agus leis an gCoimisiún ina gcuid oibre rialála.

### Earcaíocht

Thosaigh 15 bhall foirne leis an gCoimisiún in 2024 trí phost ar iasacht, soghluaisteacht agus comórtas oscailte, lena n-áirítear dhá chomórtas ghairmiúla agus theicniúla inar úsáideadh ár gceadúnas earcaíochta féin, rud a thug ár líon iomlán foirne go 30. Earcaíodh ceathrar intéirneach in 2024 freisin, agus ceapadh iad ar fhoirne éagsúla ar fud na heagraíochta.

### Foghlaim agus Forbairt

Ghlac an fhoireann páirt i bhfoghlaim acadúil agus d'fhreastail ar chúrsaí oiliúna, seimineáir agus comhdhálacha a bhain lena ról go sonrach chun a réimse scileanna a fheabhsú agus a líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a leathnú. Le trí imeacht toghcháin in 2024, díríodh Foghlaim agus Forbairt ar oiliúint do PEER, agus cuireadh tús le hoiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas agus d'Oifigigh Ceannais chomh maith le hoiliúint faoi Ionaid Vótála le haghaidh thoghcháin áitiúla agus Eorpach an Mheithimh.

Nuair a thosaíonn siad leis an gCoimisiún, cuireann an fhoireann oiliúint Státseirbhíse éigeantach i gcrích de réir a ndualgais cloí le luachanna na seirbhíse poiblí. D'fhorbair Acmhainní Daonna iniúchadh scileanna bunaithe ar na príomhscileanna atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an Choimisiúin agus chuir siad treoir foghlama aonair i dtoll a chéile bunaithe ar na príomhthorthaí.

Ghlac baill foirne páirt i gcúrsaí agus i gcláir oiliúna ar nós:

- Oiliúint d'Oifigigh Ceannais
- Clár Céimithe do Cheannairí Éiritheacha
- Oiliúint do Chinnteoir SF
- Cúrsa Oiliúna i mBainistíocht Tionscadail
- Oiliúint ar Mhaoir Dóiteáin
- Ard-Dioplóma i bPolaitíocht agus Dlí Toghcháin (Óstaí an Rí)
- Ard-Dioplóma i Straitéis agus Nuálaíocht
- Néara-éagsúlacht san Ionad Oibre
- Rialachas agus Oiliúint Rioscaí
- Ard-Dioplóma sa Chibearshlándáil
- Teastas i mBainistíocht Acmhainní Daonna
- Cúrsa Oiliúna eTenders
- Cúrsa Oiliúna Cibearshlándála le hInstitiúid na Stiúrthóirí
- Dioplóma proifisiúnta i Straitéis agus Nuálaíocht
- Oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas
- Oiliúint Gharchabhrach
- Teastas i Soláthar Poiblí

### Tionscnaimh sláinte, sábháilteachta agus folláine

Tá an Coimisiún tiomanta d'ionad oibre ionchuimsitheach agus sábháilte a chruthú agus leanúint le cultúr cúraim agus pobail a fhorbairt do chomhghleacaithe. Ceiliúraimid éachtaí, spreagaimid rannpháirteachas, spreagaimid imeachtaí neartaithe foirne agus cuimsímid folláine sna próisis forbartha feidhmíochta (PMDS) ar fad.




Chun na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta is airde a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, d'fhoilsíomar ár ráiteas sábháilteachta in 2024. Bíonn ról gníomhach ag an bhfoireann i gcur i bhfeidhm an Bheartais Sláinte agus Sábháilteachta agus táimid tiomanta mar eagraíocht d'athbhreithniú agus leasú an bheartais i bhfianaise athruithe ar reachtaíocht, cleachtais oibre, timpeallacht oibre, taithí agus forbairtí ábhartha eile. Áirítear leis an tiomantas do shláinte agus sábháilteacht sin oiliúint agus measúnuithe eirgeanamaíochta ar líne don fhoireann ar fad, bainisteoir sláinte agus sábháilteachta agus oiliúint ionadaíochta chomh maith le hoiliúint gharchabhrach agus do mhaoir dóiteáin a eagraíodh don fhoireann. Thug foireann Acmhainní Daonna faoi uasoiliúint freisin le Néara-éagsúlacht san Ionad Oibre agus cuireadh oiliúint ar bheirt chomhghleacaithe mar *'theagmhálaí ainmnithe'* chun cabhrú le híospartaigh foréigin baile i dtaobh eolais agus tacaíochta.

Bíonn an Coimisiún ag plé leis an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse agus á cur chun cinn, agus cuireann tionscnaimh folláine chun cinn go gníomhach agus spreagann rannpháirteachas iontu tríd an ardán OneLearning agus imeachtaí sóisialta. D'eagraíomar turais foirne ag a raibh téama stairiúil, imeachtaí intí 'caife agus comhrá' agus molaimid aiseolas ón bhfoireann ar bhonn leanúnach.

### Míchumas

Tá an Coimisiún tiomanta d'fhoireann faoi mhíchumas a fhostú agus tacú leo. Faoin *Acht um Míchumas, 2005*, éilítear ar chomhlachtaí poiblí tuairisciú ar an líon foirne faoi mhíchumas a fhostaíonn siad. In 2024, thuairiscigh 10% d'fhostaithe an Choimisiúin míchumas ag úsáid an tsainmhínithe ar mhíchumas mar a shainmhínítear san *Acht um Míchumas, 2005*.

### Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

De réir ár n-oibleagáidí faoi alt 42 den *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*, thugamar aird chuí ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i gcaitheamh na bliana. Éilíonn an dualgas ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a bhfoirne agus lucht

úsáidte a seirbhísí a chosaint i rith chomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Leanaimid ag obair chun a chinntiú go gcothaíonn an Coimisiún cultúr ionchuimsitheach, atá fréamhaithe i ndínit agus meas agus fite fuaite inár mbeartais eagraíochta agus oibríochtaí laethúla.

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

### Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (ESCE) - Oifig na nInstitiúidí Daonlathacha agus na gCeart Daonna (ODIHR)

Ba dhíol áthais don Choimisiún páirt a ghlacadh ina chéad Mhisean Breathnóireachta Toghcháin sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mí Dheireadh Fómhair 2024. D'eagraigh ESCE-ODIHR é, i dteannta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus comhaltaí uainchláir. Meastar go mbeidh an Coimisiún páirteach i misin breathnóireachta gach bliain.

### An India

I mí Dheireadh Fómhair 2024, thug an Cathaoirleach, an Breitheamh Onórach Marie Baker, agus an Príomhfheidhmeannach Art O'Leary cuairt ar an India chun naisc institiúideacha a fhorbairt idir Coimisiún Toghcháin na hÉireann agus Coimisiún Toghcháin na hIndia. Ba é aidhm na cuairte bealaí le haghaidh comhoibriú amach anseo a fhiosrú, oiliúint d'oifigigh Éireannacha ar bhagairtí agus dúshláin chomónta ina measc.

### An Astráil

I mí Iúil 2024, bhí Tom Rogers, ceannasaí Choimisiún Toghcháin na hAstráile, ina aoichainteoir ag seoladh an chéad chláir taighde ón gCoimisiún. I rith a chuairte ar Éirinn, bhuail an Coimisinéir Rogers le baill foirne, lucht acadúil agus baill den tsochaí shibhialta, agus roinn sé a shaineolas ar thoghcháin agus an taithí choiteann atá ag an Astráil agus Éirinn. I ndiaidh na cuairte, ba dhíol sásaimh don Choimisiún fáilte a chur roimh an Stiúrthóir Rannpháirtíochta Digití ó Choimisiún Toghcháin na hAstráile mar chuid de mhalartú foirne, a d'oibrigh go dlúth leis an bhfoireann cumarsáide sa tréimhse roimh an olltoghchán chun léargas agus saineolas luachmhar a roinnt leo.

### An Ríocht Aontaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bhuail an Coimisiún le toscaireacht ó Choimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe agus Coimisiún Toghcháin Thuaisceart Éireann chun ceisteanna tábhachtacha a phlé roimh na toghcháin a bhí ar na bacáin.

Leanfaidh an Coimisiún ag plé lenár macasamhlacha idirnáisiúnta chun foghlaim fhrithpháirteach a chothú agus comhar agus comhoibriú idirnáisiúnta a threisiú i gcúrsaí daonlathais.



7

## Tosaíocht Straitéiseach 3

# Oideachas Agus Rannpháirteachas Gníomhach


### Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe 2024

I ndiaidh rannpháirtíocht le vótálaithe, d'fhreagair baill foirne ceisteanna ón bpobal faoin dá reifreann i mí an Mhárta 2024. Tá sonraí fúthu sin ar fáil sa Tuarascáil ar na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram.

D'fhorbraíomar sraith d'acmhainní oideachais i rith 2024 chun cabhrú le vótálaithe i rith na n-imeachtaí toghcháin ar fad. Cuireadh eolas inrochtana i gcló agus cuireadh leagan Éasca le Léamh ar fáil den leabhrán reifrinn do dhaoine, grúpaí agus eagraíochtaí ar fud na tíre.
Bhí Feachtas Oideachais do Vótálaithe, "Ná Mill Do Lá", ag an gCoimisiún sa choicís roimh na toghcháin Eorpacha agus Áitiúla ar an 7 Meitheamh 2024. Mar chuid den fheachtas sin, chuir an Coimisiún a fhíseán "Conas Vóta a Chaitheamh" chun cinn ar líne agus trína roinnt leis na páirtithe leasmhara oideachais agus rannpháirtíochta. Anuas ar an láithreacht ar líne, ghlacamar páirt i níos mó ná 25 agallamh a craoladh go náisiúnta agus go réigiúnach inar díríodh ar an bpróiseas vótála. Roimh na toghcháin, thug 40,000 duine cuairt ar an leathanach "Conas Vóta a Chaitheamh" ar ár suíomh gréasáin ar a bhfuil físeán faoin gcaoi le ballóid a líonadh isteach i gceart.

Tugann figiúirí a bhailigh an Coimisiún le fios gur tháinig laghdú de thart ar 31,000 nó 29% ar líon na vótaí millte, d'ainneoin méadú ar an líon daoine a chaith vóta.

Léiríodh físeáin oideachais agus inrochtana céim ar chéim inar sonraíodh 'Conas Clárú' agus 'Conas Vóta a Chaitheamh' le haghaidh ár suímh gréasáin agus ár gcainéal meán sóisialta. Cruthaíodh uirlis nua léarscáilithe 'Cén Dáilcheantar ina gcónaím?' i ndiaidh iarratais ón bpobal. Breathnaíodh ar an léarscáil inchuardaithe os cionn 130,000 uair sa tréimhse roimh an olltoghchán; bhí an pobal in ann a n-éirchód nó a seoladh a chur isteach chun ainm a ndáilcheantair a chuardach agus liosta iarrthóirí a bhí ag seasamh don toghchán ina ndáilcheantar. Cuireadh go leor acmhainní fisiciúla i dtoll a chéile freisin agus scaipeadh iad ar fud na tíre. Áiríodh orthu sin 'An tOlltoghchán – Treoir Éasca le Léamh', 'Conas Clárú le Vótáil – Treoir Éasca le Léamh', Póstaeir Chód QR a spreag an pobal le clárú le vótáil agus páipéir bhallóide agus cártaí vótaíochta samplacha chun eolas an phobail ar an bpróiseas vótála a mhéadú.





## Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail

Leanadh le hullmhú do Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail i gcaitheamh na bliana. Eagraíodh cruinnithe le breis agus 70 comhlacht agus páirtí leasmhar, ina measc an Coimisiún Toghcháin i dTuaisceart Éireann, Elections Canada, an Roinn Oideachais agus Óige, REHAB, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Focus Ireland, an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn agus Down Syndrome Ireland.
Forbraíodh treochlár do Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail, agus tugadh faoi obair chun príomhréimsí fócais a shainaithint don straitéis. Sainaithníodh ceithre phríomhréimse fócais. Is iad sin:

- Oideachas foirmiúil
- Oideachas aosach agus pobail
- Grúpaí a mbíonn constaicí sa bhealach orthu
- Rannpháirtíocht an phobail náisiúnta

Leanadh leis an obair chun speisialtóirí ábhair, saineolaithe, acadóirí agus iad siúd ag a bhfuil taithí saoil a shainaithint agus a fhostú chun meithleacha a chruthú le haghaidh gach réimse fócais. Cé gur athraíodh an fócas chuig na himeachtaí toghcháin éagsúla in 2024, bhíomar in ann cuir i láthair i scoileanna a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach roimh an olltoghchán. Rinne baill foirne cuir i láthair eolasacha ar líne agus ag a raibh siad i láthair go pearsanta le haghaidh scoileanna éagsúla. B'fhoinse luachmhar aiseolais iad sin freisin ó na céadta scoláirí agus múinteoirí a bhí páirteach iontu. Bhí an-tábhacht ag baint leis d'obair an Choimisiúin gur fhreastail baill foirne ar na himeachtaí poiblí oideachais do vótálaithe agus go ndearna siad cuir i láthair acu. Chuir an obair a rinneadh agus an taithí a fuarthas i rith na n-imeachtaí toghcháin éagsúla go mór leis an gcur chuige a glacadh i leith Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíocht an Phobail. Chuaigh na himeachtaí sin i gcion ar luchtanna féachana nua agus cuireadh go leor smaointe agus dearcthaí i láthair faoi oideachas agus eolas vótálaithe amach anseo.

# 8

## Tosaíocht Straitéiseach 4

# Taighde Agus Sonraí

### Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin

Mar a bhforáiltear dó faoi alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin*, d'ullmhaigh an Coimisiún Athbhreithnithe i nDiaidh Imeachtaí Toghcháin (PEERanna) ar riar gach imeachta toghcháin in 2024. Caithfear na tuarascálacha sin a fhoilsiú laistigh de sé mhí de lá na vótála agus tuairisc a thabhairt ar an gcúnamh a thug oifigigh toghcháin do vótálaithe faoi mhíchumas.

Chun a chinntiú go mbeadh PEERanna bunaithe ar thaithí phraiticiúil na vótálaithe ar an láthair, cinneadh go mbeadh cuairteanna ar stáisiúin vótála ina ghné lárnach de PEER. I dtéarmaí shainaithint na stáisiún vótála, roghnaíodh iad ag úsáid raon de thacair sonraí socheacnamaíochta, tuairiscí inrochtaineachta agus aiseolas ón bpobal. Mar shampla, i gcás na dtoghchán áitiúil agus eorpach i mí an Mheithimh 2024, baineadh úsáid as sonraí ó Dhaonáireamh 2022 a thug an Phríomh-Oifig Staidrimh chun stáisiúin vótála a shainaithint. Ach i gcás an olltoghcháin, baineadh leas as Innéacs Díothachta Pobal chun stáisiúin vótála ina raibh leibhéil arda díothachta a shainaithint. Thug comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin faoi oiliúint breathnóireachta toghcháin agus oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas agus tugadh seicliosta PEER dóibh bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhí le comhlíonadh ag gach stáisiún ar a mbealaí. Chothaíomar teagmháil rialta le cinn chomhairimh agus oifigigh agus páirtithe leasmhara eile i gcaitheamh na bliana freisin.

Thug an Coimisiún cuairt ar stáisiúin vótála sa 26 contae ar fad ar an 8 Márta, an 7 Meitheamh agus arís ar an 29 Samhain: bhí 285 cuairt ar stáisiúin vótála i gceist san iomlán. Foilsíodh tuarascáil PEER ar na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram ar an 4 Meán Fómhair 2024; foilsíodh tuarascáil PEER ar na toghcháin áitiúla, Eorpacha agus toghchán mhéara Luimnigh ar an 6 Nollaig 2024; agus foilsíodh tuarascáil PEER ar Olltoghchán 2024 ar an 29 Bealtaine 2025. Cuireadh tús freisin i ndeireadh 2024 le hobair ullmhúcháin do PEER thoghchán an tSeanaid, a bhí ar siúl i ndeireadh mhí Eanáir 2025.

Rinne an Coimisiún moltaí sna tuarascálacha PEER ar fad bunaithe ar ár mbreathnóireachtaí, agus é d'aidhm le gach ceann díobh riar, sláine agus inrochtaineacht an phróisis toghcháin a fheabhsú.

### Taighde

Sainordaítear don Choimisiún faoi alt 64 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin* taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas bunaithe ar an taighde sin.

Chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus an phobail a mhéadú a oiread agus is féidir i bhforbairt a chéad Chláir Taighde, sheol an Coimisiún próiseas comhairliúcháin phoiblí chun dearcthaí a bhailiú ar dhréacht-Chlár Taighde i mí na Samhna 2023. Fuarthas 62 aighneacht san iomlán faoin spriocdháta i mí Eanáir 2024 ó raon leathan daoine agus eagraíochtaí. Thacaigh na haighneachtaí, tríd is tríd, leis na snáitheanna molta agus rinneadh moltaí úsáideacha i leith na dtosaíochtaí féideartha taighde. Foilsíodh na haighneachtaí taighde ar fad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin i dteannta cáipéis achoimre.

Seoladh Clár Taighde 2024–2026 de chuid an Choimisiúin ar an 10 Iúil 2024. Leagtar amach sa chlár tosaíochtaí taighde táscacha don tréimhse go 2026 faoi chúig shnáithe. Cuireadh tús le taighde go gairid ina dhiaidh sin ar roinnt ábhar, ina measc staidéar ar na cúinsí a théann




i bhfeidhm ar rannpháirteachas toghcháin in Éirinn agus fócas faoi leith ar rannpháirteachas i measc grúpaí a sainaithnítear go minic mar ghrúpaí nach sroichtear i gceart; anailís ar an gceanglas go mbeadh seoladh na n-iarrthóirí ar an bpáipéar ballóide agus tionscadal taighde ar phóstaeir thoghcháin. Táimid ag súil lenár gcéad tuarascálacha taighde a fhoilsiú in 2025.

B'údar áthais dúinn dul chun cinn ár dtaighde a chur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Political Science Association of Ireland i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. San iomlán, bhain seacht cur i láthair in dhá sheisiún théamacha le Clár Taighde leanúnach an Choimisiúin.

Bhunaigh an Coimisiún Grúpa Comhairleach Taighde ina bhfuil saineolaithe acadúla, comhalta idirnáisiúnta agus ionadaithe ar ghrúpaí nach sroichtear i gceart, agus tháinig siad le chéile den chéad uair i mí an Mhárta. Tháinig an Grúpa Comhairleach Taighde le chéile ceithre huaire in 2024, agus chuir a léargas bonn eolais faoi fhorbairt agus fócas an Chláir Taighde agus tionscadal taighde sonrach.

## Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais

Cé go bhfuil corpas suntasach taighde a bhfuil ardmheas air in Éirinn maidir le toghcháin agus iompraíocht toghcháin, agus go leor saineolaithe toghcháin a bhfuil meas idirnáisiúnta orthu, ní raibh Staidéar Náisiúnta Toghcháin leanúnach ag a raibh na hacmhainní cuí ar fáil go dtí seo. Chun é sin a chur ina cheart, bhí tiomantas i Snáithe A den Chlár Taighde Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) a bhunú. Le NEDS, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún bunachar sonraí daonlathach a fhorbairt trína dtomhaisfear le himeacht ama dearcthaí, meonta agus taithí mhuintir na hÉireann ar imeachtaí toghcháin agus an daonlathas, agus na cúinsí a théann i bhfeidhm orthu sin.

Tá an tionscadal NEDS á maoirsiú ag Bord Bainistíochta ina bhfuil foireann de shaineolaithe ceannródaíocha toghcháin a thugann comhairle faoi mhodheolaíocht, roghnú téamaí agus ceisteanna, agus gnéithe eile de dhearadh NEDS. Tá sraith ceisteanna in NEDS a léiríonn feidhmeanna an Choimisiúin, ceisteanna faoi thaithí vótálaithe, clárú vótálaithe, oideachas vótálaithe agus rannpháirtíocht vótálaithe ina measc. Tá sraith ceisteanna eile ann freisin a fhaightear i staidéir toghcháin idirnáisiúnta. Mar go gcuirtear na cineálacha ceisteanna sin freisin, is féidir Éire a chuimsiú i dtionscadail chomparáide idirnáisiúnta.

Tá seacht tacar sonraí NEDS ar fáil go dtí seo, a chlúdaíonn na himeachtaí toghcháin ar fad a reáchtáladh ó bunaíodh an Coimisiún in 2023. Mar staidéar píolótach, choimisiúnaigh

an Coimisiún suirbhéanna ar líne (n = 1,041) agus ar an nguthán (n = 1,001) roimh na reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram agus Suirbhé ar Vótálaithe (n = 3,557) taobh amuigh de 185 stáisiún vótála ar fud na hÉireann.

I mí an Mheithimh, coimisiúnaíodh suirbhé ar líne le haghaidh na dtoghchán áitiúil agus Eorpach (n = 3,045), agus rinneadh suirbhé ar bheagnach 900 vótálaí taobh amuigh de 52 stáisiún vótála i Luimneach mar gheall ar an toghchán don chéad mhéara dírthofa riamh in Éirinn ar an lá sin.

I gcás an Olltoghcháin a bhí ar siúl ar an 29 Samhain 2024, choimisiúnaigh an Coimisiún suirbhé aghaidh ar aghaidh (n = 1,426). Agus úsáid á baint as creatlach samplála dóchúlaíche bunaithe ar shonraí Éirchóid, srathaíodh na freagróirí in 287 toghcheantar ag úsáid innéacs díothachta Pobal. Bhí 1,101 vótálaí agus 324 duine nár chaith vóta i measc an 1,426 freagróir. Bailíodh sonraí idir an 1 Nollaig 2024 agus an 28 Feabhra 2025. Treisíodh an tacar sonraí aghaidh ar aghaidh le sampla ar líne de 1,421 freagróir (n = 1,100 vótálaí agus n = 321 neamhvótálaí).

Foilsíodh na torthaí ar fad ar ár suíomh gréasáin agus is féidir le páirtithe leasmhara iarratais a dhéanamh ar chódleabhair. Fuarthas 28 iarratas ar thacair sonraí NEDS go dtí seo.




## Sláine Toghcháin

Foráiltear i gCodanna 4 agus 5 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* do chumhachtaí don Choimisiún maidir le fógraíocht pholaitíochta ar líne i rith tréimhsí toghcháin, agus chun sláine imeachtaí toghcháin a chosaint ar scaipeadh nó foilsiú bréagaisnéise ar líne, mífhaisnéise ar líne agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne. Níor cuireadh tús leis na cumhachtaí sin go fóill. Ach bhain an Coimisiún leas as roinnt uirlisí neamhrialála chun sláine toghcháin a chur chun cinn agus rioscaí ar líne agus eile do shláine toghcháin a mhaolú.

In 2024, bhí an Coimisiún ag plé go forleathan le coimisiúin toghcháin eile agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin, saineolaithe ábhartha agus comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc trí pháirt a ghlacadh sa Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin. D'óstálamar ceardlann a stiúir an Ionad Sármhaitheasa Hibrideach faoi chur isteach ar thoghcháin a chosc roimh na toghcháin i mí an Mheithimh.

Tá an Coimisiún ina chathaoirleach freisin ar an Líonra Comhair Náisiúnta um Thoghcháin in Éirinn, agus cuireann an Rúnaíocht ar fáil dó, mar a bhforáiltear dó i moltaí Choimisiún an Aontais Eorpaigh ó 2018.[1] Tháinig siad le chéile ceithre huaire in 2024.

Bhí an Coimisiún ag plé le páirtithe leasmhara trí phróiseas comhairliúcháin agus d'fhoilsigh *An Creat maidir le Faisnéis faoi Phróisis Thoghchánacha, Fógraíocht Pholaitiúil agus Inneachar Meabhlach IS Ar Líne* ina dhiaidh sin roimh thoghcháin an Mheithimh. Thacaigh Technology Ireland leis sin agus scaipeadh é ar pháirtithe polaitíochta agus iarrthóirí roimh thoghcháin an Mheithimh agus na Samhna. D'fhorbair an Coimisiún feachtas *Lá na nAmadán Aibreáin* faoi mhí/bhréagaisnéis.

1 MOLADH ÓN gCOIMISIÚN an 12.9.2018 maidir le líonraí comhair um thoghcháin, trédhearcacht ar líne, cosaint in aghaidh teagmhais chibearshlándála agus feachtais bhréagaisnéise a chomhrac i gcomhthéacs toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

9

## Tosaíocht Straitéiseach 5

# Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí

### Maoirseacht ar chlár na dtoghthóirí

Tá maoirseacht ar chláir na dtoghthóirí ina phríomhfheidhm de chuid an Choimisiúin Toghcháin. Cé go bhfuil na húdaráis áitiúla freagrach as bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí, is féidir leis an gCoimisiún tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí chun tacú lena fheidhm maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún taighde a dhéanamh i dtaobh:

- cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí;
- cothabháil chláir na dtoghthóirí;
- na próisis a bhaineann le tiomsú, cothabháil agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí.

Éilítear ar an gCoimisiún freisin tuarascáil a fhoilsiú agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina leagtar amach:

- aon taighde a rinneadh ar chláir na dtoghthóirí;
- measúnú an Choimisiúin ar stádas agus feidhmiú chlár na dtoghthóirí; agus
- aon mholtaí a mheasann don Rialtas nó na húdaráis áitiúla chun sláine chlár na dtoghthóirí agus an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú.

Thug an Coimisiún faoi thaighde mionsonraithe i rith 2024, comhthiomsú sonraí fairsinge cáilíochtúla agus cainníochtúla ón 31 Údarás Áitiúil ina measc. Bhí sé ag plé freisin leis na hÚdaráis Áitiúla agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun bonn eolais a chur faoina mheasúnú ar chruinneas, iomláine, bainistíocht agus cothabháil chláir na dtoghthóirí. Áiríodh air sin sonraí agus faisnéis a bhailiú a bhain le próisis atá i bhfeidhm chun na cláir a bhainistiú agus a chothabháil, acmhainní a chur ar fáil d'fheidhmeanna toghchórais, gníomhaíochtaí a rinneadh chun cruinneas agus iomláine cláir a mhéadú, agus na dúshláin a bhí le sárú. De bhun an taighde sin, rinne sé moltaí le haghaidh plean cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna oidhreachta, plean a bheidh údaráis áitiúla agus an Rialtas in ann a chur i bhfeidhm. Féachtar leis na moltaí sin le cruinneas gach ceann den 31 clár toghthóirí a mhéadú faoin gcéad bhabhta eile d'imeachtaí toghcháin atá le tosú in 2029. Leagadh amach measúnú agus moltaí an Choimisiúin sa chéad Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí a leagadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a foilsíodh ar an 1 Bealtaine 2025. Is í an tuarascáil sin an bunús le haghaidh measúnuithe amach anseo agus tá sé i gceist againn gurb é sin an chéad chéim i dtreo caighdeáin a leagan síos le haghaidh chothabháil agus bhainistíocht chláir na dtoghthóirí.

D'fhreagair foireann Chlár na dToghthóirí ceisteanna ón bpobal agus d'ullmhaigh ceisteanna coitianta agus eolas do shuíomh gréasáin an Choimisiúin le haghaidh na sé imeacht toghcháin a reáchtáladh in 2024.

### Clár na bPáirtithe Polaitíochta

Is clár foirmiúil de gach páirtí polaitíochta in Éirinn é Clár na bPáirtithe Polaitíochta. Bainistíonn Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta é, is é sin, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin. Coinnítear an Clár de réir ailt 41–55 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.

Tráth toghcháin, baineann Cinn Chomhairimh úsáid as an gclár chun páipéir ainmniúcháin iarrthóirí atá ag seasamh i dtoghchán Dála,

Pharlaimint na hEorpa, áitiúil nó mhéara Luimnigh le haghaidh páirtithe polaitíochta difriúla a dheimhniú. Bíonn sé sin tábhachtach chun a shoiléiriú cé na hiarrthóirí ar "iarrthóir páirtí" iad agus cé acu nach ea.

Mura bhfuil ceann comhairimh sásta le bailíocht páipéar ainmniúcháin iarrthóra, d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar an gcaoi a bhfoilsítear ar pháipéar ballóide iad. D'fhéadfadh:

- nach liostófaí iarrthóir ar pháipéir bhallóide mar iarrthóir atá ag seasamh ar son páirtí ar leith;
- nach bhféadfadh iarrthóir suaitheantas páirtí a úsáid ar an bpáipéar ballóide;
- go mbeadh ar iarrthóir seasamh sa toghchán mar 'iarrthóir neamhpháirtí' a fhágann go mbeadh orthu éarlais airgeadais a íoc nó tacaíocht a fháil ó líon toghthóirí cláraithe sular féidir a n-ainm a chur ar an bpáipéar ballóide.



## Gníomhaíocht chlár na bpáirtithe polaitíochta in 2024

- Faoi dheireadh 2023, bhí 28 páirtí cláraithe. Faoi dheireadh 2024, bhí 30 páirtí cláraithe.
- Cláraíodh dhá pháirtí nua i rith 2024. Cláraíodh Farmers' Alliance ar an 12 Eanáir, agus Rabharta ar an 3 Bealtaine.
- D'fhoilsigh an Coimisiún cinneadh achomhairc amháin a bhain le The National Party - An Páirtí Náisiúnta ar an 12 Meán Fómhair 2024. Ba é sin an chéad chinneadh achomhairc ó bunaíodh an Coimisiún.
- Tugadh an clár cothrom le dáta sé huaire in 2024 idir mí Feabhra agus mí na Samhna.
- Fuarthas 26 ceist faoi pháirtí polaitíochta nua a chlárú.
- Fuarthas 16 iarratas um Shaoráil Faisnéise a bhain leis an gclár.
- Rinneadh cinneadh amháin ar an 27 Meán Fómhair 2024 diúltú do "chomhghuaillíocht toghcháin" de thrí pháirtí a bhí cláraithe cheana féin a chlárú. Diúltaíodh dó toisc nár ceadaíodh é faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*.
- D'athraigh dhá Pháirtí a n-ainm i rith 2024.
- Athraíodh Rabharta (Dublin & Ireland South) go Rabharta (Munster & Leinster).
- Athraíodh Direct Democracy Ireland (D.D.I.) go Liberty Republic.
- I rith 2024, rinne seacht bpáirtí a suaitheantais a chlárú nó a nuashonrú. Ba iad sin:
  - Aontú
  - Páirtí Cumannach na hÉireann
  - Liberty Republic
  - Independent Ireland
  - The Right To Change (RTOC) Party
  - People Before Profit-Solidarity
  - An Comhaontas Glas
  - Rinne páirtí amháin, Sinn Féin, nuashonrú ar ainm Ghrúpa Pharlaimint na hEorpa ina suíonn a bhFeisirí i rith 2024.

# 10 Rialachas Agus Comhlíonadh

## Rialachas corparáideach

Tá Creat Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi a rialaítear é agus ina dtuairiscítear na struchtúir, na beartais agus na próisis atá i bhfeidhm chun gur féidir leis an gCoimisiún a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

## Pleanáil Gnó

Éilítear ar gach aonad sa Choimisiún Plean Gnó a chur i dtoll a chéile gach bliain ina leagtar amach na príomhthorthaí a bhainfear amach i gcaitheamh na bliana. Athbhreithníonn an Fhoireann Bainistíochta na pleananna go rialta agus tugtar nuashonruithe foirmiúla ar an dul chun cinn don fhoireann ar fad go rialta freisin.

## Maoiniú

Maoinítear an Coimisiún Toghcháin leis an bPríomh-Chiste trí Vóta Dháil Éireann. Tugtar Vóta 23 ar ár vóta agus tugadh €11,719,000 le haghaidh 2024. Is é Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta. Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain don Vóta, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí a iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas. Cuireadh an Cuntas Leithreasa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar dháta éilithe níos túisce an 11 Márta 2025.

## Cosaint sonraí

Aithníonn an Coimisiún an gá atá le caitheamh le sonraí pearsanta ar bhealach cuí dleathach. Tá an Coimisiún tiomanta do chomhlíonadh a oibleagáidí chuige sin agus i leith na sonraí pearsanta ar fad. Forbraíodh ár mbeartas Cosanta Sonraí chun sainmhíniú a thabhairt ar mar a dhéanfaimid sonraí pearsanta a bhailiú, a bhainistiú agus a phróiseáil. Cabhróidh cloí leis an mbeartas seo lena chinntiú go gcosnaítear "cearta agus saoirsí" daoine nádúrtha agus a chinntiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta ar bhealach a chomhlíonann RGCS agus ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an chomhlíontacht sin a léiriú.

## *An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014*

Le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ceanglaítear ar an gCoimisiún a oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana mar ghnáthnós taobh amuigh de shaoráil faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

| **Cinntí Saorála Faisnéise 2024** | |
|---|---|
| Deonaithe | 10 |
| Páirt-deonaithe | 5 |
| Diúltaithe | 22 |
| Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 4 |
| **Iomlán** | **41** |
| **Cineálacha Iarratas** | |
| Iriseoir | 8 |
| Duine den phobal | 32 |
| Páirtí Polaitíochta | 1 |

## Nochtaí Cosanta

Éilítear ar an gCoimisiún faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nochta chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún in 2024.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún Toghcháin an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe rialachais, ina measc tuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus luach ar airgead. D'fhreastail na comhaltaí ar fad ar cheithre chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2024, ar an 20 Márta, an 11 Meitheamh, an 16 Meán Fómhair agus an 9 Nollaig.

Ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Cyril Maybury (An Cathaoirleach)
- Kieran Coughlan
- Louise Jevens
- Maura Quinn
- Tom Ward

## Íocaíochtaí prasa

Comhlíonann an Coimisiún *an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002*. In 2024, rinneadh 778 íocaíocht lasmuigh de 15 lá agus rinneadh íocaíocht amháin lasmuigh de 30 lá. Foilsítear Tuairisceáin Prasíocaíochta an Choimisiúin ar ár suíomh gréasáin.

## An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ríomhadh an íocaíocht a bhí dlite trí úsáid a bhaint as *Áireamhán Astaíochtaí Carbóin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta* chun an méid seo a leanas a oibriú amach:

| | |
|---|---|
| An líon iomlán ciliméadar taistil ar eitiltí: | 83,871 |
| Na tonnaí $CO_2$ lena mbaineann: | 11.5427 |
| Bliain/Tagairt | 2024 – CAF904 |
| An méid atá á íoc: | €646.39 |

Leagtar amach i *gCiorclán 01/2020: Nósanna Imeachta chun na hAstaíochtaí a Bhaineann le Taisteal Aeir Oifigiúil a Fhritháireamh* réasúnaíocht na híocaíochta in 2024 chuig an Ciste Gníomhaíochta Aeráide ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá an ríomh bunaithe ar na hastaíochtaí measta a bhaineann le gach eitilt tráchtála a rinneadh in 2024.

## Forléargas ar úsáid fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú. Bhog an Coimisiún go hoifigí nua i gCaisleán Bhaile Átha Cliath go mall in 2023. Rinne an OPW an fhoirgneamh a dheisiú le go mbeadh sé oiriúnach mar oifig. Ba é b'aidhm leis an tionscadal sin foirgneamh a bhíodh in úsáid mar beairic i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a chaomhnú agus a uasghrádú, chun é a úsáid mar oifigí, agus meas ag an am céanna ar an tsuntasacht oidhreachta. Gné thábhachtach de sin ab ea an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus ba é B1 an BER a baineadh amach i ndiaidh na n-oibreacha, rud a thagann le spriocanna an Phlean Náisiúnta Forbartha le haghaidh fhoirgnimh na hearnála poiblí.

## Oifig Chaisleán Bhaile Átha Cliath

Thosaigh an Coimisiún Toghcháin ag obair i gceithre fhoirgneamh ar leith, ach bhog sé go háitreabh nua i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2023. Is leis an stát an foirgneamh oidhreachta athchóirithe agus déanann Oifig na nOibreacha Poiblí é a bhainistiú.

B'iarracht chomhoibríoch é deisiú an fhoirgnimh le gach duine ar fhoireann deartha Oifig na nOibreacha Poiblí agus ceardaithe saineolacha a bhí ag obair ar an láthair, chun a saineolas agus a dtaithí fhairsing ar struchtúir agus ábhair stairiúla a úsáid chun tabhairt faoi dheisiúcháin struchtúrtha agus uasghráduithe fuinnimh leis an gcúram agus tuiscint is mó ar an struchtúr stairiúil suntasach seo.

Feidhmíonn an foirgneamh mar shaotharlann bheo agus suiteáladh braiteoirí chun gur féidir anailís chomparáideach i ndiaidh bogadh isteach ann a dhéanamh ar fheidhmíocht an dá insliú nuálacha agus an timpeallacht laistigh, rud a chuirfidh bonn eolais faoi athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh stairiúla eile amach anseo.

## Tuarascáil faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*

Faoi alt 4b d'Acht na dTeangacha Oifigiúla arna leasú, tuairiscímid ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Ceapadh duine d'Fhoireann Ardbhainistíochta an Choimisiúin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun tuairisciú ar ár n-oibleagáidí faoin Acht.

Tugadh freagra i nGaeilge ar gach cumarsáid i scríbhinn a fuarthas i nGaeilge, agus má theastaigh ó dhuine den phobal a ngnó a dhéanamh i nGaeilge ar an nguthán, bhí ball foirne ar fáil chun a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil nuair ba ghá.

Chuireamar aistriúchán Gaeilge ar fáil i gcaitheamh na bliana ar ábhar eolais, ár bpríomhfhoilseacháin agus ár suíomh gréasáin. Cuireadh urlabhraí Gaeilge ar fáil i gcaitheamh na bliana a thug faoi agallaimh ar an teilifís agus raidió.

Is cuid thábhachtach dar gcuid oibre é soláthar ár n-inneachair i nGaeilge agus leanaimid ag cloí leis na ceanglais a leagtar amach in Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.

## Cruinnithe coimisiúin agus freastal

The table below shows the number of meetings held by the Commission and attendance at meetings in 2024.

| **Eanáir – Nollaig 2024** | |
|---|---|
| **Comhaltaí** | **Cruinnithe** |
| An Breitheamh Onórach Marie Baker (An Cathaoirleach) | 14/14 |
| Alex Attwood | 14/14 |
| John Curran | 14/14 |
| Ger Deering | 14/14 |
| An tOllamh Caroline Fennell | 14/14 |
| Peter Finnegan | 14/14 |
| Maura Quinn | 14/14 |

# 11

# Caiteachas Airgeadais – 2024

## Caiteachas — 2024

| | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tuarastail, pánna agus liúntais | 2,775 | 2,466 | 1,326 |
| Taisteal agus cothabháil | 190 | 72 | 25 |
| Taighde, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail | 2,460 | 3,768 | 253 |
| Speansais Infheistíochta Caipitiúla Digití agus TF | 675 | 281 | 80 |
| Speansais áitribh | 630 | 113 | 239 |
| Athbhreithnithe ar Bheartais, Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Taighde | 1000 | 343 | 44 |
| Feidhm Reifreann | 3,500 | 2,862 | 902 |
| Oiliúint agus Forbairt | 250 | 47 | |
| Seirbhísí oibríochta, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 125 | 156 | |
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | 140 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 7 |
| | **11,605** | **10,108** | **3,016** |

## Líon Foirne agus Luach Saothair

### Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **30** | **20** |

### Pá

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 2,244 | 1,225 |
| Liúntais eile | 18 | 1 |
| Ragobair | 4 | 1 |
| ÁSPC fostóra | 200 | 99 |
| **Pá iomlán** | **2,466** | **1,326** |

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

### Timpeallacht rialaithe airgeadais

Bhí timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Cuireann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó de réir mar a forbraíodh iad, tá na próisis taifeadta atá fágtha fós á bhforbairt.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Bhí creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta á athbhreithniú
- rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- bhí córas bainistíochta rioscaí taobh istigh den Údarás
- bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- bhí treoirlínte cuí ann faoi rialú infheistíochta chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail

### Iniúchóireacht Inmheánach

Bunaíodh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ar an 25 Aibreán 2024 agus dréachtaíodh an plean iniúchóireachta le haghaidh 2024–2026, a ndearna mise agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gCoimisiún Toghcháin. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an gCoimisiún agus ar an bPríomhfheidhmeannach/Oifigeach Cuntasaíochta, comhairle a chur orthu agus tacú leo trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe ar raon ábhar, ina measc sláine na rialuithe airgeadais inmheánaigh, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Déanann sé clár oibre bliantúil na hiniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

### Soláthar

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí suim €7.570 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí eile ar conradh in 2024.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas conradh amháin sa bhreis ar €25,000 (gan CBL) dar luach €74,811 (gan CBL) san iomlán mar a leagtar amach thíos.

- Tabhaíodh conradh amháin dar luach €74,811 chun seirbhísí dlíthiúla práinneacha a chur ar fáil a bhain le hobair ar dhá reifreann. Cuireadh conradh i bhfeidhm ó mhí Iúil 2024 do sheirbhísí dá leithéid.

### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an oifig seo agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil, suas go dtí aon cheisteanna a thagann chun cinn a ghéarú go cuí, agus sin san áireamh. Sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi.

### Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2024 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

12

# Aguisín 1: Táillí, Taisteal agus Cothabháil na gComhaltaí Coimisiúin in 2024

## Táillí, Taisteal agus Cothabháil na gComhaltaí Coimisiúin in 2024

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na Táillí agus na híocaíochtaí Taistil agus Cothabhála a íocadh le gach comhalta Coimisiúin i leith 2024.

| Eanáir 2024 – Nollaig 2024 | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí** | **Táillí** | **Taisteal agus Cothabháil** |
| An Breitheamh Onórach Marie Baker (An Cathaoirleach)* | €65,316 | €1,379 |
| Alex Attwood | €23,940 | €3,169 |
| John Curran | €11,970 | €929 |
| Ger Deering | €0.00* | - |
| An tOllamh Caroline Fennell | €11,970 | €1,976 |
| Peter Finnegan | €0.00* | - |
| Maura Quinn | €11,970 | €3,413 |

* De réir an phrionsabail ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’, níl fostaí sa tseirbhís phoiblí atá fostaithe faoi láthair i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm táillí boird, seachas i gcásanna dá bhforáiltear go reachtúil m.sh. Oibrí-Stiúrthóirí. Chuige sin, níor íocadh aon táillí in 2024 le Ger Deering, Peter Finnegan ná an Breitheamh Onórach Marie Baker sula ndeachaigh sí ar scor ar an 16 Aibreán 2024.

Foilsithe ag An Coimisiún Toghcháin
Meitheamh 2025
ISBN - 978-1-911722-14-4

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission